Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11819/25**

**DENLEG 34**
**FOOD 67**
**SAN 479**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 107734 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 107734.

---

Faoi iamh: D(2025) 107734

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2016/150
(POOL/E2/2016/150/150-EN.docx)
D107734/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia[1], agus go hairithe Airteagal 10(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide. Áirítear i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, i measc nithe eile, catagóir bhia 13 'Bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/39/CE'.

(2) Le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia lena n-áirítear iompróirí atá formheasta le húsáid i mbreiseáin bhia, einsímí bia, blastáin bhia agus cothaithigh maille le coinníollacha a n-úsáide.

(3) Tagraíonn catagóirí, fochatagóirí, forálacha agus coinníollacha úsáide áirithe bia i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 do Threoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar cumhdaíodh bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe, agus do roinnt Treoracha ón gCoimisiún maidir le bianna den chineál sin. Ós rud é gur aisghaireadh na Treoracha sin le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ba cheart na tagairtí sin a thabhairt cothrom le dáta

---

1 IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.

2 IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.

3 Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le hearraí bia a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe (IO L 124, 20.5.2009, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/39/oj).

4 Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha

(4) Ós rud é go dtagraíonn catagóir bhia 13 do Threoir 2009/39/CE, ba cheart tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 a chur in ionad na tagartha sin.

(5) Ós rud é go dtagraíonn catagóirí bia 13.1.1 agus 13.1.2 do Threoir 2006/141/CE agus gur aisghaireadh an Treoir sin le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, ba cheart tagairt don Rialachán sin a chur in ionad na tagartha sin.

(6) Ós rud é go dtagraíonn fonótaí 15, 43 agus 44 a ghabhann le catagóirí bia 13.1.1 agus 13.1.2 do Threoracha aisghairthe, ba cheart na tagairtí sin a thabhairt cothrom le dáta.

(7) Tagraíonn catagóir bhia 13.1.3 do bhianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/125/CE ón gCoimisiún[5]. Sainmhínítear na táirgí sin le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 feasta agus, dá bhrí sin, ba cheart an tagairt a ionadú.

(8) Cumhdaíonn catagóir bhia 13.1.4 bianna eile do leanaí óga, is é sin táirgí bainnebhunaithe do leanaí óga seachas bianna a luaitear sna fochatagóirí eile faoi chatagóir bhia 13. Ós rud é nach dtagann na táirgí sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, is iomchuí an chatagóir 13.1.4 sin a scriosadh agus fochatagóir nua 01.10 faoi chatagóir bhia 01. 'Táirgí agus analóga déiríochta' a chruthú, chun críocha reachtaíocht an Aontais maidir le breiseáin bhia amháin. Mar sin féin, níor cheart difear a dhéanamh do liosta na mbreiseán bia atá údaraithe lena n-úsáid ná dá gcoinníollacha úsáide, agus níor cheart ach na tagairtí nach bhfuil ábhartha a scriosadh.

(9) Ós rud é go dtagraíonn catagóirí bia 13.1.5 agus 13.2, agus fochatagóir 13.1.5.2 do Threoir 1999/21/CE agus gur aisghaireadh an Treoir sin le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, ba cheart tagairtí don Rialachán sin a chur in ionad na dtagairtí sin. Thairis sin, ós rud é go dtagraíonn catagóir bhia 13.1.5 agus fochatagóir 13.1.5.1 do 'bainne foirmle speisialta do naíonáin' agus nach n-úsáidtear an coincheap sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, ba cheart an nath sin a scriosadh.

(10) Cumhdaíonn catagóir bhia 13.3 bianna diaitéiteacha le haghaidh aistí bia chun meáchan a rialú a bheartaítear a chur in ionad na hiontógála laethúla bia nó in ionad béile aonair (an aiste bia laethúil iomlán nó cuid di). Ós rud é nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ach ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, ba cheart tagairtí do chatagóir bhia 13.3 a leasú dá réir agus, maidir le bianna a chuirtear in ionad ceann amháin nó dhá cheann de na príomhbhéilí laethúla in aiste bia fhuinneamhshrianta ina gcuireann ionadaigh ar bhéilí le cailliúint meáchain nó le meáchan a chaomhnú tar éis meáchan a chailleadh, ba cheart iad sin a aistriú go catagóir bhia 18 mar fhochatagóir nua 18.2. Ós rud é go leagtar síos na ceanglais maidir le comhdhéanamh na mbianna sin a gceadaítear an maíomh sláinte

---

speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/609/oj).

5 Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2006 maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga (IO L 339, 6.12.2006, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/125/oj).

comhfhreagrach a bheith orthu i Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún[6], ba cheart tagairt a dhéanamh don Rialachán sin i dteideal na fochatagóire nua sin.

(11) Cumhdaíonn catagóir bhia 13.4 bianna atá oiriúnach do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 41/2009. Aisghaireadh Rialachán (AE) 609/2013 leis an Rialacháin seo. Ós rud é go gcumhdaíonn catagóir 13 bianna chun críocha speisialta faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus nach gcumhdaíonn an Rialachán sin bianna atá oiriúnach do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan, ba cheart an chatagóir bia seo a aistriú go catagóir bhia 18 mar fhochatagóir nua 18.3.

(12) I bhfianaise chruthú na gcatagóirí bia nua 18.2 agus 18.3, is gá catagóir bhia nua 18.1 a chruthú lena gcumhdaítear bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 18.2 agus 18.3, gan bianna do naíonáin agus do leanaí óga a áireamh.

(13) Is iomchuí freisin an cód E le haghaidh an bhreiseáin bia advaintéim i gcatagóirí bhia 13.2 agus 13.3 a cheartú.

(14) Ba cheart na hathruithe ar na catagóirí bia i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a thugtar isteach leis an Rialachán seo a léiriú i gCodanna A agus D den Iarscríbhinn sin agus i gCuid 5, Ranna A agus B, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú dá réir sin.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Ceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2012 lena leagtar síos liosta de mhaímh shláinte cheadaithe a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do laghdú riosca galair agus maidir le forbairt agus sláinte na leanaí (IO L 136, 25.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/432/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN